Ursula Ní Sheanáin
Misneach

Baile Átha Cliath

An mbaineann an freagra seo le tuairim phearsanta an fhreagróra nó an bhfuil sé déanta thar ceann na heagraíochta thuasluaite?

Thar ceann na heagraíochta thuasluaite

An bhfuil tú toilteanach go bhfoilseofar an freagra seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.ahg.gov.ie?

Tá

Cumarsáid faoi alt 9 den Acht (Litreacha, ríomhphoist & cora poist)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cumarsáid a fhreagairt sa teanga ina bhfuarthas í;
- Faisnéis i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a eisiúint i nGaeilge nó go dátheangach.

1. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Aontaím le cumarsáid a fhreagairt sa teanga ina bhfuarthas í, ach aon comhfhreagras a faightear go dátheangach, ba chóir é a fhreagairt as Gaeilge, mar is í an Ghaeilge an Céad Teanga Oifigiúil.

Foilseacháin faoi alt 10 den Acht
Dualgais reatha faoin Acht:

- Doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (m.sh. tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise srl.

2. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Ba chóir na doiciméid a fhoilsiú go dátheangach gach uair. Má cosnaíonn sé an iomarca is féidir na doiciméid sin a fhoilsiú go leictreonach, más gá.

Comharthaí, stáiseanóireacht & fógairtí taifeadta béil faoi na Rialacháin faoin Acht (I.R. Uimh. 391 de 2008)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cloí leis na Rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chomharthaí, ar stáiseanóireacht agus i bhfógairtí taifeadta béil.

3. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Ba chóir go mbeidh gach comhartha, stáiseanóireacht nó fógáirtí taifeadta béil a bheith go dátheangach nó i nGaeilge amháin.

Scéimeanna Teanga faoin Acht
Is iad na scéimeanna teanga croílár an Achta Teanga. Leagtar amach sna scéimeanna teanga an córas trína bhforbraíonn comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge thar thréimhse ama. Is trí na scéimeanna teanga a dhéileáiltear le húsáid na Gaeilge ar shuíomhanna gréasáin, ar bhileoga, ar bhróisiúir, ar fhoirmeacha, trí sheirbhísí teileafóin, trí sheirbhísí idirphearsanta eile, trí sheirbhísí ar líne srl.

4. (a) I do thuairimse, an bhfuil córas na scéimeanna teanga sásúil, an bhfuil sé iomarcach nó an dteastaíonn leasú air?
Nil ag éirí leis na scéimeanna teanga, mar ar taobh amháin, níl na comhlachtaí poiblí ag chuir scéimeanna isteach. Ar an taobh eile aon scéimeanna atá ann níl fógraíocht déanta ar céard iad na seirbhísí atá acu, agus ní thugtar spreagadh do Ghaeilgeoirí na seirbhísí a úsáid, mar nach mbíonn fhios acu cén seirbhísí atá ar fáil.

4. (b) An bhfuil malairt córais a mholfá a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?
Tá dhá rogha ann a feicim féin. Ceann amháin lean ar aghaidh le na scéimeanna, ach cinntiú go cuirfidh na comhlachtaí poiblí scéim isteach. Muna cuireann comhlacht poiblí scéim isteach go bhféadadh fíneáil a bheith ar an gcomhlacht. Ar an gcaoi céanna muna comhlíonann an comhlacht a dualgaisí maidir leis an Scéim agus leis an Acht, ba chóir go mbeidh fíneáil orthu. An rogha eile ná go mbeidh caighdeán áirithe do comhlachtaí áirithe ar léibhéal éagsúla. Mar shampla comhlacht a deileáileann le Pobal na Gaeltachta, ba chóir go mbeidh gach seirbhís as Gaeilge. Ach comhlacht nach mbíonn ag plé le Gaeilgeoirí mórán, d'fhéadfadh seirbhísí Gaeilge íseal a bheith ann.

Seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht
Sa chaoi is gur féidir leis an Stát tacú le stádas agus le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá sé an-tábhachtach go mbeidh pobal na Gaeltachta ábalta a ngnóthaí oifigiúla a dhéanamh leis an Stát trí Ghaeilge.

5. (a) An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht?
Níl mé pioc sásta. Tá briseadh cearta teanga ar siúl chuile lá. De bharr sin tá ídiú ar an nGaeltacht. Bíonn ar daoine gan mórán Béarla, Béarla a úsáid chun gnáth seirbhísí poiblí a úsáid, m.sh. bus. Tá an Ghaeltacht ag fáil bás go mall dá bharr. Caithfear gach seirbhís a chur ar fáil as Ghaeilge do muintir na Gaeltachta láithreach.

5. (b) An bhfuil leasuithe a mholfá a chuirfeadh le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gcomhlachtaí poiblí sa réimse seo?
Caithfear gach seirbhís a chur ar fáil as Ghaeilge do muintir na Gaeltachta láithreach. Mar shampla na comhairle chontae atá i bhfeighil ar an áit.

Forálacha eile faoin Acht
Tá forálacha eile san Acht a dhaingníonn cearta maidir le húsáid na Gaeilge san Oireachtas, sna cúirteanna agus i gcóras logainmneacha an Stáit.

6. I do thuairimse, an leor na forálacha seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Ba chóir go mbeidh Gaeilge mar theanga oibre i dTeach Laighin, ach is féidir Béarla a úsáid, dóibh siúd nach bhfuil Gaeilge. Tá sé scannalach go bhfuil go leor Gaeilgeoirí i measc ceannasaíocht na tíre agus nach úsáideann a chuid Gaeilge go ró minic. Is cuir amú airgead ar an Rannóg Aistriúcháin, muna bhfuil deiseanna ann chun ateangaireacht a dhéanamh. Maidir leis na cúirteanna ba chóir go mbeidh an rogha ann do gach cás cúirte Gaeilge a úsáid, idir cásanna sibhialta agus cásanna coiriúla. Ba chóir An Daingean a thabhairt ar ais mar an logainm oifigiúil. Céard is fiú ordú logainmneacha Gaeltachta muna bhfuil gach áit ag cloí lena ainm i nGaeilge. Ar aon nós níl aon ciall leis na hainmneacha i mBéarla, agus éiríonn le gach tír eile ar domhan, a ainmneacha dúchasacha a úsáid, gan mórán trioblóid ó turasóirí, m.sh. Wien - Vienna.

Comhlachtaí poiblí faoin Acht
Cuireann an tAcht dualgas ar chomhlachtaí poiblí, atá liostaithe faoin Acht, seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá liosta iomlán na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht ar fáil ag www.ahg.gov.ie.
Tá na comhlachtaí poiblí seo a leanas liostaithe faoin Acht – Ranna agus oifigí Rialtais, údaráis áitiúla, ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal eile, coistí gairmoideachais, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gníomhaireachtaí, boird & cuideachtaí Stáit eile.

7. I do thuairimse, an bhfuil liosta na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí nó an dteastaíonn leasú sa réimse seo?
Ba chóir go mbeidh gach comhlacht poiblí clúdaithe faoin Acht, sé sin aon comhlacht ina bhfuil an Stáit mar úinéir ar níos mó ná leath de. Aon comhlacht poiblí nua atá bunaithe amach anseo go mbeidh siad clúdaithe faoin Acht go uathoibríoch. Freisin aon seirbhísí don pobail a chuirtear amach do comhlachtaí príobhaideacha ó na comhlachtaí poiblí go mbeidh siad as Gaeilge go uathoibríoch.

Oifig an Choimisinéara Teanga
Is faoin Acht a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é príomhról na hOifige ná monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta.

8. I do thuairimse, an bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hOifige sin dóthanach nó iomarcach agus an dteastaíonn leasuithe orthu?
Ba chóir go mbeidh an ceart ag Oifig an Choimisinéara fíneáil a chur ar aon comhlacht poiblí nach comhlíonann a dualgais faoin Acht agus faoin a scéim. Ba chóir an oifig a fhágáil mar atá sé, i.e. neamhspleach agus gan é a chur faoi Oifig an Ombudsman. Ba chóir go mbeidh plé i dTeach Laighean chuile bliain faoi na moltaí a thugann an coimisineir ina thuairisc bliaintiúil.

Go ginearálta

9. An bhfuil leasuithe eile a mholfá ar an Acht le cinntiú gur reachtaíocht í atá oiriúnach agus cuí dá feidhm?
1. Fógra á thaispeáint go so-fheicthe i ngach oifig serbhís poiblí den Rialtas, Comhlucht stáite agus Comhairle Condae ag maíomh go bhfuil sé de cheart ag gach saoránach a cuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge agus go mbeadh fáilte roimpi á éileamh. 2. A chinntiú go mbeadh beirt oifigeach (chun go mbeadh seirbhís trí Ghaeilge ar fáil agus duine acu tinn nó ar shaoire) i ngach láthair den chineál thuas-luaite ar fáil chun an t-seirbhís céanna a chur ar fáil 3. Go gcurfaí scéim ar siúil taobh istigh de ghach roinn &rle chun a chinntiú go mbeadh oifigigh ar fáil chun an tseirbhís thuas a chur ar fáil, bíodh trí mhúineadh nó trí fhorbadh 4. Go ndéanfaí earcaíocht i measc na foirne chun oifigigh den tsórt úd a chur ar fáil ar shlí go mbeadh sé buntáisteach dóibh siúd a ghlacadh leis agus go n-éireodh leo ins na cúrsaí foghlamtha 5. Go gcurfaí sprioc-uimhir de Ghaeilgeoirí i ngach babhta earcaíochta ag na h-eagraisí stáite agus beartú cuí straitéise a fhoillsiú chun sin a chomhlíonadh. 6. Go mbeidh Oifigeach Gaeilge i ngach Comhairle Áitiúil. 7. 20% de gach Seirbhís Stáit as Gaeilge. 8. Comhlachtaí Stáit agus Fo-Stáit nach bhfuil clúdaithe faoin Acht Teanga faoi láthair a chur isteach. 9. Aon Eagraíocht Stáit agus Fo-Stáit nua a bheith clúdaithe san Acht go uathoibreach. 10. 100% Seirbhísí Stáit don Ghaeltacht as Ghaeilge. 11. Go mbeidh an Ghaeilge mar theanga oibre Teach Laighin, ach is féidir Béarla a úsáid. 12. Go mbeidh polasaí ag an Roinn Oideachais tacú leis na Gaelscoileanna. Faightear toradh níos fearr as an infheistíocht ná scoileanna Béarla, mar go mbíonn torthaí scrúdaithe ag daltaí a fhreastlaíonn ag Gaelscoil. Mar sin lig do gach Gaelscoil atá ag iarraidh oscailt. 13. Ba chóir go mbeidh na hAchtanna a dréachtú go Comhuaineach ar an idirlíon. 14. An Daingean a thabhairt ar ais mar ainm oifigiúil na háite, ionas go bhfuil leanúnachas san ordú logainmneacha Gaeltachta. 15. Ba chóir píonóis níos fearr a bheith ann d'eagraíochtaí Stáit agus Fo-Stáit a bhriseanna an Acht Teanga agus na dualgaisí atá acu lena scéim féin, m.sh. fíneáil. 16. Go mbeidh Gaeilge mar scil riachtanach don mBainistíocht sa eagraíochtaí Stáit agus Fo-Stáit. 17. Go mbeidh fógraí simplí faoi na scéimeanna (i.e. Seirbhísí Gaeilge)sa meáin Gaeilge. 18. Go mbeidh aon comhlacht príobháideach a chuireann seirbhísí ar fáil don pobal thar ceann an stáit clúdaithe faoin Acht Teanga. 19. Go mbeidh an ceart uathoibríoch an Ghaeilge a úsáid sna cúirteanna i ngach cás, idir cás sibhialta agus cásanna coiriúla. 20. Go mbeidh ar gach Garda deileáil leat as Gaeilge, más mian leat. 21. Go gcoinneofar Oifig an Choimisinéara Teanga neamhspleách chun éifeachtacht na hoifige a chinntiú. 22. Go n-aithneofar na buntáistí a bhaineann leis an tumoideachas don pháiste. Go mbeidh sé ina cheart ag

tuismitheoirí a gcuid páistí a chur chuig gaelscoil ag léibhéal na bunscolaíochta agus na meánscolaíochta agus go dtógfar gaelscoileanna de réir éilimh ó thuismitheoirí. 23. Tosaíocht a thabhairt don Ghaeilge ar chomharthaí poiblí an stáit i ngach roinn, eagraíocht agus comhlacht stáit chun stádás na Gaeilge a threisiú. 24. Cainteoirí le hardchumas sa Ghaeilge a fhostú sa Ghaeltacht agus iarracht a dhéanamh daoine ag a bhfuil an chanúint chuí acu i nGaeltachtaí éagsúla a fhostú. 25. Fógraíocht éifeachtach a chur ar bun maidir le seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge tríd na meáin chumarsáide a úsáid chomh maith le modhanna fógraíochta eile atá éifeachtach. 26. Go gcuirtear polasaí dátheangachais i bhfeidhm maidir le lipéadú ar earraí a ndíoltar i siopaí. 27. Go mbeidh sé de cheart ag Gaeilgeoirí i gceantair taobh amuigh den Ghaeltacht a gcuid páistí a thógaint le Gaeilge i dtimpeallacht lán-Ghaeilge agus go gcuirfidh an stát pé tacaíocht agus cúnamh atá de dhíth ar fáil chun pobail nua Ghaeilge a chruthú agus go mbeidh an chosaint teangeolaíochta chuí i bhfeidhm. 28. Go gcuirtear pacáiste ar fáil do thuismitheoirí nua maidir le páistí a thógaint le Gaeilge, mar a dhéantar sa Bhreatain Bheag, chun tógáil clainne le Gaeilge a spreagadh. 29. Go n-úsáidfear na meáin chumarsáide chun fógraíocht a dhéanamh ar sheachadadh idirghlúine na Gaeilge sa bhaile agus go dtugtar aghaidh ar an gceist seo mar chúis phráinneach. 30. Go bhforbrófar clár feasachta dírithe ar Ghaeilgeoirí óga a fhreastalaíonn ar Ghaelscoileanna agus ar scoileanna Gaeltachta chun iad a spreagadh chun a gcuid páistí féin a thógaint le Gaeilge. 31. Go gcuirtear buntáistí an dhá-theangachas, agus an Ghaeilge ach go háirithe, in iúl do gach ábhar tuismitheora (atá ag iompar) trí pacáistí eolais ina mbeidh eolas faoin naíonra, Gaelscoil áitiúl srl... 32. Go gcuirtear tacaíocht ar fáil do thuismitheoirí atá ag tógáil clainne le Gaeilge cibé áit sa tír ina bhfuil siad 33. Go n-aithnítear an tábhacht a bhaineann le teanga sóisialta na páistí a fhreastalaíonn ar Ghaelscoileanna a fhorbairt agus go gcuirtear leis na séirbhísí óige agus iarscoile atá ar fáil trí Ghaeilge.

10. Céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge a bhfuil éileamh agat féin orthu ó chomhlachtaí poiblí nó an gceapann tú gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?
Tosaíocht a thabhairt do seirbhísí Gaeltachta agus seirbhísí cúram leanaí, ionas go bhfuil sé níos éasca do pháiste a thógáil trí Ghaeilge in Éirinn.

11. Céard iad na constaicí nó na deacrachtaí a fheictear duit a bhaineann le seirbhísí ar chomhchaighdeán a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí?
Easpa foirne, ach má cuirtear polasaí earcaíochta i bhfeidhm, d'fhéadfá níos mó Gaeilgeoirí a fhostú agus mar sin beidh luach ar an airgead mar go mbeidh siad in ann deileáil leis an pobail go dátheangach.

12. Céard iad na leasuithe a mholfá ar an Acht le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de?
Foireann a earcú. Foireann a thraenáil (Ranganna Gaeilge, Ciorcal Comhrá, Turas Gaeltachta). Gaeleagras a thabhairt ar ais. Na bogearraí chuí a bheith as Ghaeilge nó dátheangach, m.sh. Windows, Google, Microsoft Office, Gaelspell, Ceart, srl.